



Nuachtlitir na Naíonraí

Gaelscoileanna



Urraithe ag



Foras na Gaeilge

SAN EAGRÁN SEO:

INIÚCHADH NA ROINNE LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ	2
AISTEAR SÍOLTA	2
ROINN LEANAÍ & GNÓTHAÍ ÓIGE AG DIÚLTÚ MAOINIÚ	3
GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ	3
NA NAÍONRAÍ	4-5
SCÉIM IASACHTA TREALAIMH AGUS LEABHAR	5
GST AR TWITTER	6
CREATLACH	7
THACAÍOCHTA BHREITHIÚNAIS	7
AINM NUA DON EAGRÁOCHT	7
BUNACHAR IONADAITHE	7
SCÉIM TACAÍOCHTA TEANGA 2016	8
COMÓRTAS LEABHAR	9
LE CHÉILE TRÍ GHAELGE 2016	9
STÓR FOCAIL AGUS LIPÉID	10-12

Nuachtlitir

Earrach 2016



Athstruchtúrú Gaelscoileanna Teo.

Glacadh d'aon ghuth le rún ag Cruinniú Cinn Bhliana Gaelscoileanna Teo. ar an 21 Samhain 2015 go nglacfar leis na hAirtagail Chomhlachais athbheithnithe ag Gaelscoileanna Teo. chun leasa na heagraíochta. Mar chuid de na hAirtagail Chomhlachais nua, bunófar coistí comhairleacha a bheidh d'fheidhm acu comhairle a chur ar Bhord Stiúrtha na heagraíochta maidir le téamaí ar leith. Tá Coiste Comhairleach do na Luathbhlianta lán-Ghaeilge díreach ceaptha ar a mbeidh ionadaithe ón mBord Stiúrtha mar aon leo siúd atá ag plé leis an réamhscolaíocht lán-Ghaeilge ar an dtalamh agus beidh sé i mbun oibre go luath.

De réir na hAirtagail nua chomh maith beidh an eagraíocht á eagrú féin de réir 6 réigiúin, le daoine ó na réigiúin éagsúla le bheith ceaptha ar an mBord Stiúrtha. Úsáidfear na réigiúin le hobair na heagraíochta a phleanáil agus a fheidhmiú chomh maith, agus tá súil againn go mbeidh deis ag baill na heagraíochta plé leis an eagraíocht ar an mbonn seo.

Inis do Scéal – Ceardlann Oiliúna

Cuirfear tús go luath le sraith ceardlann praiticiúla bunaithe ar an treoirlabhar margaíochta, Inis do Scéal, foilsithe ag Gaelscoileanna Teo. i gcomhpháirt le Forbairt Naíonraí Teoranta. Deis iontach a bheidh ann do stiúrthóirí teacht le chéile, freastal ar sheisiún oiliúna fiúntach agus taitneamhach agus dea-chleachtais a roinnt lena chéile. Beidh an chhead ceardlann ar siúl in Óstán Pháirc an Chrócaigh ar an 9 Márta ó 19.00-21.00, agus á cur i láthair ag oifigigh forbartha Gaelscoileanna Teo., Ciaran Ní Bhroin agus Cormac Ó Feinneadha. Díreofar sa cheardlann seo ar conas fógraíocht éifeachtach a dhéanamh ar an naíonra agus ar úsáid na meán sóisialta, ar mhaithe le tuismitheoirí a mhealladh agus pobal an naíonra a chothú. Níl gá le haon réamheolas a bheith agat maidir le hábhar na ceardlainne agus beidh neart deiseanna ann le ceisteanna a chur agus plé a dhéanamh ar a bhfuil ann. Níl táille i gceist leis an gceardlann, agus bronnfar cóip den lámhleabhar ar rannpháirtithe. Reáchtáilfear ceardlanna eile i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus ceantair eile de réir éileamh sna míonna romhainn. Tá an cheardlann ar an 9 Márta in Óstán Pháirc an Chrócaigh teoranta do 20 rannpháirtí, agus is gá clárú trí teagmháil a dhéanamh leis an oifig ar 01 8535195 nó oifig@gaelscoileanna.ie.



Gaelscoileanna Teo.

www.gaelscoileanna.ie

oifig@gaelscoileanna.ie | 01-8535195

Halla Naomh Pádraig,

Institiúid Oideachais Marino,

Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9



Iníúchadh na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le seirbhísí do Naíonraí

I mí Dheireadh Fómhair, ar iarratas ó Gaelscoileanna Teo., thug an RLGÓ faoi iniúchadh a dhéanamh ar cé na seirbhísí agus tacaíochtaí sonracha do naíonraí atá á gcur ar fáil ag na Coistí Cúram Leanaí, eagrais Stáit agus na heagraíochtaí deonacha eile a fhaigheann maoiniú ón Roinn. Scaipeadh foirmeacha dátheangacha ar 30 coiste, 6 eagraíocht dheonacha, Tusla agus Better Start, agus tháinig freagraí ó 32 den 38. Roinneadh na freagraí sin le Gaelscoileanna Teo. agus seo thíos tuairisc ghairid ar na torthaí.

Léirigh 23 fhreagra as 32 nach bhfuil cumas ar bith i measc na foirne seirbhísí i nGaeilge a sholáthar do sheirbhísí luathbhlianta lán-Ghaeilge.

Léirigh 4 fhreagra as 32 go gcuireann siad cúnamh riaracháin trí mheán na Gaeilge ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta lán-Ghaeilge maidir leis na scéimeanna ECCE, CCS agus CETS. Níor thug ach freagra amháin le fios go gcuireann siad cúnamh riaracháin trí mheán na Gaeilge ar fáil d'imreiteach an Gharda Síochána.

Léirigh 2 fhreagra as 32 go ndéanann siad comhfhreagras i nGaeilge le seirbhísí luathbhlianta lán-Ghaeilge. Thug 3 eile le fios go ndéanfaidh siad é nuair a éilítear é.

Léirigh 5 fhreagra as 32 go gcuireann siad oiliúint trí mheán na Gaeilge ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta lán-Ghaeilge.

Léirigh 10 bhfreagra as 32 go bhfuil foilseacháin i nGaeilge nó go dátheangach ar fáil uathu do sheirbhísí luathbhlianta lán-Ghaeilge. Is bocht an soláthar atá á mhaoiniú ag an RLGÓ i dtaobh seirbhísí agus tacaíochtaí sonracha do naíonraí de réir na tuairisce seo, agus is beag cumas atá ag na forais a fhaigheann maoiniú ón RLGÓ cur lena gcuid seirbhísí don earnáil lán-Ghaeilge de réir a dtuairiscí aonair. Níl cumas sa Ghaeilge mar riachtanas le haghaidh ceapacháin nua agus níl aon imfhálú déanta ag an RLGÓ ar maoiniú le forbairt a dhéanamh ar an freastal a dhéantar ar phobal na naíonraí. Tá fiosrúcháin á dhéanamh ag oifigigh forbartha Gaelscoileanna Teo. maidir lena bhfuil ar fáil do naíonraí de réir thorthaí an iniúchta agus foilseofar sonraí maidir lena bhfuil ar fáil ó na coistí, eagraíochtaí deonacha, Tusla agus Better Start ar www.gaelscoileanna.ie go luath, mar eolas do na naíonraí. Sa chás go bhfuil seirbhís i nGaeilge nó acmhainn don naíonra faighte ag do naíonra, ba mhór linn dá roinneá an t-eolas linn le go dtabharfar aitheantas dóibh ar an liosta agus le go bhfiosrófar maidir lena ndea-chleachtais a roinnt. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hoifigigh forbartha ar an bhfón nó ar ríomhphost:

Ciara Ní Bhroin | 01 8057736 | ciara@gaelscoileanna.ie
Cormac Ó Feinneadh | 01 8057731 | cormac@gaelscoileanna.ie

Treoir Chleachtais Aistear Síolta

D'eagraigh Gaelscoileanna Teo. ceardlann i gcomhpháirt leis an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar Threoir Chleachtais Aistear Síolta i gCorcaigh ag tús mhí Eanáir. Pléadh áiseanna nua atá ar fáil ón CNCM agus bhí deis ag na rannpháirtithe ceisteanna a phlé agus aiseolas fiúntach a thabhairt don oiliúnóir Sibéal Breathnach. Beidh ceardlanna eile á n-eagrú againn sna míonna amach romhainn.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Aistear Síolta, féach ar <http://www.ncca.ie/ga/Treoir-Chleachtais/>



Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige ag diúltú maoiniú a thabhairt d'earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge

Tá an-mhíshástacht curtha in iúl ag Gaelscoileanna Teo. don Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige (RLGÓ) maidir lena gcur chuige i leith maoiniú d'earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge. Dhiúltaigh an RLGÓ i mí na Nollag d'iaratas a rinne Gaelscoileanna Teo. ar mhaoiniú d'fhonn seirbhís agus tacaíochtaí sonracha do naíonraí a chur ar fáil. Faigheann Gaelscoileanna Teo. maoiniú teoranta ó Fhoras na Gaeilge le seirbhís tacaíochta do naíonraí a sholáthar, agus tá ciorraithe i ndán don maoiniú seo i 2016. Tá maoiniú an Fhorais dírithe ar thacaíochtaí teanga seachas riachtanais eile na hearnála, agus tá bearna sholáthair ann maidir le tacaíochtaí cuí do naíonraí. Ní chlúdaíonn maoiniú Fhoras na Gaeilge na seirbhísí uile a bhíodh á sholáthar ag Forbairt Naíonraí Teoranta do na naíonraí roimhe seo, agus níl sé ar chumas na coistí cúram leanaí nó na heagraíochtaí deonacha eile freastal i nGaeilge a dhéanamh ar riachtanais na naíonraí faoi láthair.

Ó cuireadh deireadh leis na socraithe maoinithe a bhí ag Forbairt Naíonraí Teoranta le POBAL, an uair a tháinig deireadh leis an eagraíocht ar an 30 Meitheamh 2015, níl aon mhaoiniú dírithe ar seirbhísí agus tacaíochtaí sonracha do naíonraí á chur ar fáil ag POBAL nó an RLGÓ. Níl formhór na seirbhísí Stáit mar a bhaineann le

Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí

An mbíonn tú ag múineadh rang Gaeilge do thuismitheoirí? Nó rang oíche amuigh sa phobal? Tá Gaelscoileanna Teo. ag obair ar chlár Gaeilge nua do thuismitheoirí faoi láthair. Mar chuid de seo tá suíomh nua a fhorbairt, www.IrishForParents.ie. Ar an suíomh seo gheobhaidh tú ábhar teagaisc samplach do do chuid ranganna, ábhar samplach atá bunaithe ar shainriachtanais tuismitheoirí.

Beidh an t-ábhar samplach rangaithe de réir topaice. Ag tagairt do gach topaic beidh ábhar físe i gcanúintí éagsúla agus beidh tascanna samplacha don seomra rangabunaithe ar an ábhar físe sin. Beidh na tascanna samplacha deartha ag dhá leibhéal ghinearálta teanga – Leibhéal A2 agus Leibhéal B1 de chuid Chomhairle na hEorpa. Tá tuilleadh eolais faoi na leibhéil seo le fáil ag www.teo.ie.

Beidh tuismitheoirí in ann an suíomh a úsáid le féachaint siar ar na bileoga ranga, féachaint arís ar na físeáin ar baineadh úsáid astu sa rang, úsáid a bhaint as na téipscripteanna agus féachaint ar liostaí stór focal ceangailte leis na topaicí ranga. Beidh deis ann dóibh chomh maith níos mó a fhoghlaim faoi na hacmhainní tacaíochta a d'fhéadfadh cabhrú leo agus lena bpáistí agus iad ag gabháil trí oideachas lán-Ghaeilge le chéile. Tá súil ag Gaelscoileanna Teo. an suíomh a sheoladh i Meán Fómhair 2016.





Naíonra Céimeanna Beaga

Ceolchoirm na Nollag: Bhí lá iontach againn ag canadh agus ag céiliúradh lenár dtuismitheoirí. Ag tnúth le i bhfad níos mó ceoil agus spraoi i 2016 agus ag guí gach rath don bhliain nua ar chách!

An t-earrach faoi bhláth

Thug Gaelscoileanna cuairt ar Naíonra Céimeanna Beaga in Inis, Co. an Chláir le deireanaí. Bhí sé iontach breathnú ar chuid de na gníomhaíochtaí agus an fhoghlaim



ghníomhach a bhí ar bun ann chun scileanna teanga na ngasúr a fhorbairt. Tá na páistí an-ghnóthach i láthair na huaire ag plé théama an earraigh agus tá go leor focal nua in úsáid acu: lus an chromchinn, plúirín sneachta, cré, bachlóg, síol agus go leor eile.



'Trick or Treat for Temple Street'

Eagraíonn ceannairí an naíonra cóisir Shamhna gach bliain chun airgead a bhailiú don fheachtas carthanacha 'Trick or Treat for Temple Street'.

Tagann na páistí isteach ina gcuid feisteas Samhna agus glacann siad páirt i neart cluichí agus imeachtaí Samhna. Bhí lá fíorspeisialta i Naíonra Thaobh na Coille roimh laethanta saoire na Samhna. Chaith na leanaí coicís ag ullmhú an tseomra ranga don chóisir Shamhna. Bhí an naíonra



thar a bheith scanrúil nuair a chroch na leanaí a gcuid oibre suas; taibhsí ag crochadh san aer, pictiúir de chailleacha ar na ballaí agus puimcíní deasa ina suí ar na boird. Is fíor a rá go ndearna na páistí sárobair sa bhaile chomh mhaith agus iad ag socrú a n-éadaí agus feistis don seó.

Bhí na leanaí agus na tuismitheoirí an-fhlaithiúil ar fad. Ba chóir go mbeadh said an-bhródúil as an €254 a bhailigh said agus go mbeidh siad ag tabhairt tacaíochta do leanaí tinn in Éirinn.



Chaith Naíonra Bhóin Dé seachtain ag plé "Humpty Dumptaí" mar théama. Bhain na páistí a lán taitnimh as. Rinne siad balla mór le lego agus chuir siad Humptaí Dumptaí suas ar an mballa. Chaith na páistí málaí pónairí chun Humptaí a bhuaileadh. Bhí siad an-sásta nuair a thit sé. Rinne siad HD le taos agus feilt agus ghearr siad amach é chomh maith. Rinneamar dráma beag leis an amhrán ón leabhar "Plúra Lúra". Thaitin an t-amhrán go mór leo. Roghnaíodh páistí éagsúla bheith mar shaighdiúirí agus cahpaill agus bhí siad ag gáire an t-am go léir agus ag iarraidh é a dhéanamh arís agus arís.

Cuairt ó Daidí na Nollag chuig Naíonra na n-Óg Sióg

Tháinig Daidí na Nollag ar cuairt chuig an Naíonra ar an 18ú Nollaig. Ní raibh na páistí ag súil leis ar chor ar bith!

Bhí na páistí ag cleachtadh go dian an mhaidin ar fad do cheolchoirm na Nollag. Bhí cnag ar an doras. ‘Cé hé sin?’ a dhúramar leis na páistí ‘Tá duine ag an doras!’ ‘HO, HO, HO, Nollaig Shona!’ a chualamar ó thíos staighre.



Bhí na páistí an-chíúin ar fad is ag féachaint ar a chéile ag iarraidh fáil amach cé a bhí ann. Ansin, tháinig Daidí na Nollag isteach an doras. Baineadh geit as na páistí! Chaitheamar an mhaidin ar fad i gcomhlúadar Dhaidí na Nollag agus bhí go leor ceisteanna ag na páistí do ar nós ‘Cá bhfuil Rúdolf?’ agus ‘an túsa an fíor-Dhaidí na Nollag?’

Bhí bronntanais áille ag Daidí na Nollag do na páistí. Chuir sé seó puipéad ar siúl dóibh. Bhain said an-taitneamh as. Thógamar cúpla grianghraf leis agus chun deireadh a chur leis an gcuairt iontach chan na páistí ‘‘Bualadh Bos’’ dó.

Nuair a bhí se imithe, tháinig na tuismitheoirí ar fad isteach agus lean an ceol agus an chraic ar aghaidh. D’éist na tuismitheoirí leis na páistí ag canadh. Bhí said thar barr ar fad. Bhí lá den scoth againn an lá sin sa Naíonra. Ní dhéanfaidh na páistí dearmad go deo air, tá said fós ag caint faoi!



Cuairt ó Rós Liatroma, Sinéad Flynn agus Rós Thrá Lí, Elysha Brennan go Cúram Leanaí Teoranta Bhéal An Átha Móir, Co. Liatroma le deireanaí.

Scéim Iasachta Trealaimh agus Leabhar do Naíonraí

Seolfaidh Gaelscoileanna Teo. scéim úr nua dírithe go hiomlán ar na naíonraí go han-luath. Is í aidhm na scéime seo ná trealamh agus leabhair ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhonn iasachta do stiúrthóirí ar feadh téarma naíonra. Cuireann an scéim seo trealamh forbartha/oideachasúil agus leabhair ar fáil do naíonraí, a bhfuil sé mar aidhm acu bheith ina n-áiseanna luachmhara foghlama agus forbartha sa seomra naíonra agus go spreagfar na páistí bheith ag caint as Gaeilge. Tá réimse leathan trealamh againn agus is cinnte gur féidir é a úsáid mar bhonn taca le téamaí Aistear a phlé (Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht). Mar chuid den scéim, tá boscaí éagsúla curtha le chéile againn bunaithe ar théamaí faoi leith réimse éagsúil trealamh agus leabhar le fáil i ngach bosca. Beidh foclóir úsáideach ag dul le gach beart chomh maith. Scaipfear tuilleadh eolais oraibh go luath. Coinnigh súil ar an ngrúpa Facebook do Stiúrthóirí Naíonra agus ar do chuid ríomhphost.



Gaelscoileanna Teo Retweeted
Pádraig Mac Donnacha @seancomheas · Jan 29
 @gaelscoileanna have holistic approach to education. Not all about grades but #teanga #spórt #ceol #cultúr #pobal

Gaelscoileanna Teo Retweeted
markIE @ie_mark · Jan 29
 Too true. I am glad my kids got start in naoinre gaelscoil. Great teachers. Great ethics They speak thai now at home

Gaelscoileanna Teo Retweeted
Ciara Hyland @CiHyland · Jan 29
 @ie_mark For what it's worth I thank my parents everyday for sending me to a gaelscoil. It opened up horizons and opportunities for me!

Gaelscoileanna Teo Retweeted
Cormacag5 @Cormacag5 · Jan 28
 Trí oiread níos mó Gaelscoileanna ag brath ar chóiríocht shealadach ná mar atá scoileanna Béarla. Beidh Seán Ó hArgáin ó @gaelscoileanna linn

Gaelscoileanna Teo Retweeted
Ian Malcolm @Dr_Eoin_Malcolm · 3 Sep 2015
 Iontach deas labhairt tamall gairid ó shin le Clare Spáinneach ó @gaelscoileanna faoin bhorradh ar Ghaeloideachas ó dheas. @raidiofaiite

Gaelscoileanna Teo @gaelscoileanna · Jan 4
 I'm very proud that both my children will grow up fluent in our national language [shar.es/16s47l](https://www.shar.es/16s47l) via @HeraldNewsdesk #Gaeilge



Lean orainn ar Twitter @gaelscoileanna

Gaelscoileanna Teo Retweeted
David Keeley @David_Keeley · Jan 10
 @PeopleofLIMK my kids are brilliant as Gaeilge -one in 1st the other in Naoinan bheaga -you will be shocked at how fast they pick it up

Gaelscoileanna Teo Retweeted
Sorcha Pollak @SorchaPollak · 2 Dec 2015
 USI calls on parents to send children to Gaelscoileanna after study reveals advantages of bilingual education irishtimes.com/student-hub/us... Chomairla and 25 others

Gaelscoileanna Teo @gaelscoileanna · 3 Dec 2015
 Studies show children with a bilingual education have a greater degree of mental agility #bilingualism #Gaeilge irishtimes.com/student-hub/us...

Gaelscoileanna Teo @gaelscoileanna · 10 Sep 2015
 "To listen to the páistí chatting amongst themselves just makes you glad yours are part of it" gaelscoileanna.ie/news/media/edu... #Gaelscoil4all

Gaelscoileanna Teo Retweeted
Gwen Loughman @WonderfulWagon · 2 Sep 2015
 If you are considering sending your child to a gaelscoil in 2016, my article in mums & tots might answer any... fb.me/2VB2SsLS8

Gaelscoileanna Teo Retweeted
CathniaOM @Cathnia · 15 May 2015
 An Tumoideachas: Bua nó Dua? Comhdháil Tumoideachais. Bua cinnte inniú!! Éacht déanta a TJ. @MICLimerick @tumoid2015 #tumoid2015 Well done!

Creatlach Thacaíochta Bhreithiúnais á fhorbairt ag Tusla

Tá Gaelscoileanna Teo. mar bhall d'Fhóram Comhairliúcháin na Luathbhlianta, bunaithe i 2015 ag Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Bhí cruinniú ag Tusla leis an bhFóram le déanaí le dul chun cinn maidir le forbairt Creatlach Thacaíochta Bhreithiúnais (Judgement Support Framework) a phlé. Tá an Chreatlach



Thacaíochta seo á forbairt ag Tusla mar áis do sholáthróirí seirbhíse in earnáil na luathbhlianta agus tabharfaidh sí treoir do stiúrthóirí maidir leis na rialacháin nua i dtaobh sábháilteacht agus caighdeán cúraim de. Tá na rialacháin nua, a chuirfear in áit an tAcht um Chúram Leanaí, 1991, le foilsiú go fóill. Míneoidh an Chreatlach Thacaíochta cad a bheidh á lorg ag an gcigireacht faoi na rialacháin nua agus cabhróidh sí le comhthuisctint ar chaighdeán a chur chun cinn idir soláthróirí seirbhíse agus na cigirí féin. Tá sé mar sprioc ag Tusla an Chreatlach a chur chun cinn mar áis ní hamháin le soláthróirí a chumasú le bunchaighdeán a chomhlíonadh, ach mar spreagadh agus cúnamh dóibh le barr feabhais a bhaint amach. Beidh forbairt ar chigireacht Tusla i gceist mar chuid den phróiseas agus scaipfear suirbhé i nGaeilge agus i mBéarla ar naíonraí maidir lena dtaithí ar an gcigireacht ag deireadh mhí Feabhra. Tá sé rithábachtach go gcloisfear guth na naíonraí go láidir sa phróiseas seo, agus go dtapófar an deis aiseolas a thabhairt do Tusla ina leith. Tá sé deimhnithe le Tusla go bhfoilseofar an Chreatlach Thacaíochta Bhreithiúnais i nGaeilge chomh maith, agus leanfaidh Gaelscoileanna Teo. ag plé leo go rialta maidir le riachtanais na hearnála lán-Ghaeilge.

Ainm Nua don Eagraíocht

Leis na hathruithe suntasacha atá tagtha ar réimsí oibre Gaelscoileanna Teo. ónar ainmníodh í mar cheanneagraíocht sa réimse Tumoideachais, Gaeloideachais agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge, spreagadh plé maidir le hainm na heagraíochta a leasú nó a athrú le go gcuimseoidh sé an ról leathan atá aici. Beidh moltaí maidir le hainm nua á lorg ó na geallsealbhóirí uile sna míonna romhainn; scaipfear ceistneoir ar naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge ar ríomhphost agus beimis ag súil le cloisteáil ó gach éinne gur suim leo ionchur a bheith acu sa phróiseas.

Bunachar Ionadaithe Naíonraí

Ba mhaith le Gaelscoileanna Teo. bunachar a chur le chéile d'ionadaithe feiliúnacha leis na cáilíochtaí cuí a bheadh ar fáil chun obair ionadaíochta a dhéanamh i naíonraí. Tuigean muid go mbíonn dúshlán ag baint le teacht ar stiúrthóirí ionaid amanna agus ba mhaith linn an bunachar seo a chur le chéile chun cabhrú le naíonraí teacht ar ionadaithe cuí go sciobtha agus go héasca.

Má tá aon mholtaí agaibh nó má tá aithne agaibh ar dhaoine feiliúnacha a bheadh sásta bheith ar an liosta seo, bheadh muid an-bhuíoch díbh as teagmháil a dhéanamh le Ciara ciara@gaelscoileanna.ie nó **01 805 7736** lena gcuid sonraí teagmhála. Déanfaidh muid teagmháil leis na daoine molta ansin chun tuilleadh sonraí a lorg agus le cinntiú go bhfuil siad sásta bheith ar an liosta seo. Cuirfidh Gaelscoileanna Teo. bunachar ar fáil d'ionadaithe de réir ceantair ansin. Má tá stiúrthóirí ionaid ag teastáil ó naíonra, déanfaidh siad teagmháil linn agus tabharfaidh muid sonraí na stiúrthóirí ionaid atá sa gceantar máguaird dóibh. Ní roinnfear an bunachar seo go poiblí.



Scéim Tacaíochta Teanga 2016

Tá an scéim seo á reáchtáil ag Gaelscoileanna Teo. le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra agus d'fhoireann neamh-theagaisc na scoileanna gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó tabhairt faoin scrúdú TEG. Faoin scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. D'fhéadfaí tabhairt faoi scrúduithe Gaeilge TEG, ranganna oíche, cúrsa Gaeilge ar líne, sainchúrsa teanga, dianchúrsa gramadaí, cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht nó eile, eagraithe ag leithéidí na bhforas thíos:

Conradh na Gaeilge

Gaelchultúr

Gael-Linn

Glór na nGael

Institiúidí tríd leibhéil

Ionaid Oideachais áitiúla

Oideas Gael

Ranganna.com

Scoileanna áitiúla

Teastas Eorpach na Gaeilge

(scrúdú amháin)

Níl sa liosta thuas ach treoir agus is féidir tacaíocht a lorg le haghaidh cúrsaí eagraithe ag forais eile nach iad. D'fhéadfaí oiliúnaí a thabhairt isteach le cúrsa a sholáthar don naíonra/scoil féin nó i gcomhpháirt le naíonra(i) nó scoil(eanna) eile sa cheantar, má oireann. Fáiltítear roimh iarratais ó níos mó ná stiúrthóir nó ball foirne amháin. I gcás go bhfuil tú cláraithe do chúrsa ach nach bhfuil sé tosaithe agat go fóill, is féidir aisíocaíocht a lorg ar tháillí atá íoctha cheana féin. Is féidir iarratas a dhéanamh bunaithe ar chúrsa atá beartaithe agat tabhairt faoi amach anseo, ach sonraí an chúrsa a chur ar fáil mar chuid den iarratas. Ní féidir aisíocaíocht a lorg ar tháillí do chúrsa atá déanta agat cheana féin.

Tapaigh an deis! Níl ach buiséad teoranta againn don scéim, agus ceadófar iarratais ar bhonn tús freastail.

An spriocdháta d'iarratais ná an 09 Nollaig 2016. Le hiarratas a dhéanamh ar an scéim, ní gá ach foirm shimplí a comhlánú thíos.

Má tá aon cheist agat maidir leis an scéim, déan teagmháil le Sandra ar 01 8535194 nó sandra@gaelscoileanna.ie.

Coinníollacha na Scéime

1. Is gá iarratas i scríbhinn a dhéanamh sula gceadófar aon chaiteachas.
2. An spriocdháta d'iarratais ná 09 Nollaig 2016.
3. An t-uasmhéid a cheadófar in aghaidh an bhaill foirne ná €200. Is féidir iarratas a dhéanamh ar son níos mó na stiúrthóir amháin ón naíonra nó baill foirne neamh-theagaisc amháin ón scoil ach is gá foirm a chomhlánú do gach iarratasóir.
4. Íocfar na táillí ar bhonn sonraisc nó admhála ón bhforas oiliúna amháin. Lorgófar sonrasc nó admháil agus sonraí an fíochá uait ar cheadú d'iarratais agus ní gá iad a sheoladh roimhe sin.
5. Ní féidir aisíocaíocht a lorg ar tháillí do chúrsa atá déanta agat cheana féin.
6. Tabharfar tús áite d'iarratais de réir mar a thagann siad chun na hoifige, agus de réir buiséid teoranta na scéime.
7. Cuirfear iarratais nach féidir a cheadú de dheasca ró-éileamh ar liosta feithimh.
8. Tá cead ag Gaelscoileanna Teo. maoiniú a aisghairm i leith mí-úsáide.

Tá an scéim seo ar fáil do naíonraí sna 26 chontae, lasmuigh den Ghaeltacht agus do scoileanna lán-Ghaeilge sna 32 chontae amháin.



Beidh an cruinniú cinn bliana Na Naíonraí Gaelacha ag dul ar aghaidh i Luimneach i mbliana, 7 ú agus 8ú Deireadh Fómhair.

Déan teagmháil ar nanaionraigaelacha@gmail.com le tuilleadh eolais a fháil.

COMÓRTAS LEABHAR DO NAÍONRAÍ

Urraithe ag Urraithe ag An Gúm.

Dáta deiridh le cur isteach ar an gcomórtas seo ná:
4ú Márta 2016 roimh 17.00

Céard atá le déanamh?

Pictiúr a ghlacadh d'am scéalaíochta sa naíonra agus a chur chugainn.

Duaiseanna:

Bronnófar beart álainn leabhar ar bhuaiteoirí an chomórtais seo le húsáid sa naíonra.

Ádh mór!

Coinníollacha

- Cuirfear gach iontráil a fhaightear isteach i hata agus roghnófar beirt bhuaiteoirí as na hiontrálacha sin ar fad.
- Is ag painéal moltóirí an chomórtais an cinneadh deireanach maidir le buaiteoirí a roghnú.
- Tá an comórtas seo oscailte do gach naíonra a bhfuil an luath-thumoideachas iomlán i bhfeidhm.
- Níl cead ag naíonraí ach iontráil amháin a chur isteach ar an gcomórtas.
- Caithfidh gach iontráil bheith faighte ag Ciara roimh an spriocdháta (17.00 ar 4ú Márta 2016). Ní ghlacfar le hiarratais dheireanacha.

Is féidir iarratais a chur ar an ríomhphost chuig ciara@gaelscoileanna.ie nó sa phost chuig

Ciara Ní Bhroin, Oifigeach Forbartha,
Gaelscoileanna Teo.
Halla Naomh Pádraig,
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa,
Baile Átha Cliath 9.

- Caithfidh cead a bheith faighte ó thuismitheoirí/cúramaóirí d'aon ghrianghraf a ghlactar dá bpáistí.
- Tá sé de chead ag Gaelscoileanna Teo. gan ghlacadh le hiontrálacha mí-oiriúnacha agus iad a chur as an áireamh don chomórtas seo.
- Cuirfear na buaiteoirí ar an eolas tríd an ríomhphost.
- Caithfidh iarrthóirí bheith sásta páirt a ghlacadh i bpoiblíocht a bhaineann leis an gcomórtas agus go bhfoilseofar a gcuid grianghraf. Foilseofar rogha grianghraf ar shuíomh agus i nuachtlitir Gaelscoileanna Teo., mar aon le meáin shóisialta na heagraíochta agus ábhar bolscaireachta eile de réir mar is cuí.
- Tá foirm iontrála don chomórtas le fáil [anseo](#)

Deontais Le Chéile Trí Ghaeilge

Cuireann Gaelscoileanna Teo. deontais ar fáil do naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta d'fhonn imeachtaí a reáchtáil trí mheán na Gaeilge. Bíonn an-tóir ar na deontais seo.

Is féidir an fhoirm iarratais a chomhlánú anseo ar an suíomh ag www.gaelscoileanna.ie/sceimeanna/eolas/

Is féidir téarmaí & coinníollacha na scéime a léamh ag www.gaelscoileanna.ie/le-cheile-tri-ghaeilge-tearmai-coinniollacha/

Tríd an scéim seo, bíonn deis ag naíonraí agus scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le naíonraí agus scoileanna eile. Déantar na h-íocaíochtaí de réir admhála.

Cuirtear fáilte roimh réimse leathan imeachtaí agus roimh iarratais ó naíonraí, bunscoileanna agus iarbunscoileanna.

Tugann na himeachtaí seo deis tábhachtach do naíonraí agus do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nasc a chruthú le naíonraí agus scoileanna eile. Spreagann na himeachtaí ilghnéitheacha seo cumarsáid agus spraoi trí mheán na Gaeilge, rud a théann chun leasa an naíonra, na scoile, chun leasa páistí agus daltaí agus chun leasa an phobail.

Tá gach eolas mar gheall ar an scéim seo ar fáil ach ríomhphost a chur ag sandra@gaelscoileanna.ie nó glaoch a chur ar 01 8535194.

An spriocdháta d'iarratais ná **09 Nollaig 2016**. Tá an scéim deontais seo á maoiniú ag Foras na Gaeilge.

Cuireann Gaelscoileanna Teo. uasmhéid de:

- €250 / £225 ar fáil d'imeacht le 2 naíonra/scoil rannpháirteach ann
- €500 / £450 d'imeacht le 3 naíonra/scoil nó níos mó rannpháirteach ann
- €750 / £675 más 4 naíonra/scoil nó níos mó atá le bheith rannpháirteach.

FÉILTE NA BLIANA

6ú Márta

Mother's Day: Lá na Máithreacha

Parade: paráid

17ú Márta

St Patrick's Day: Lá Fhéile Pádraig

Flag: bratach

Snakes: nathracha

Happy St Patrick's Day!

Lá Fhéile Pádraig faoi mhaise duit!
Beannachtaí na Féile Pádraig ort!

Shamrock: seamróg

Leprechaun: leipreachán

25ú Márta

Good Friday: Aoine an Chéasta

Happy Easter!

Beannachtaí na Cásca ort!

27ú Márta

Easter Sunday: Domhnach Cásca

Easter Bunny:

Coinín Cásca

28ú Márta

Easter Monday: Luan Cásca

Easter egg:

ubh Cásca

Easter: An Cháisc

Chocolate:

seacláid

At Easter: aimsir na Cásca, um Cháisc

Egg hunt:

tóraíocht uibhe

2ú Bealtaine

May Day: Lá Bealtaine

19ú Meitheamh

Father's Day: Lá na nAithreacha

FOCLÓIR: AN T-EARRACH

Aibreán: April

An Cháisc: Easter

Bachlóg: Bud

Báisteach: Rain

Beach: Bee

Bláth: Flower

Bleib: Bulb

Bogha báistí: Rainbow

Bóin Dé: Ladybird

Buataisí Báistí: Wellies

Canna spréite: Watering can

Coinín: Rabbit

Coinín na Cásca: Easter Bunny

Cróch: Crocus

Duilleog: Leaf

Éan: Bird

Feabhra: February

Féar: Grass

Féileacán: Butterfly

Grian: Sun

Lus an chromchinn: Daffodil

Márta: March

Nead: Nest

Seamróg: Shamrock

Scáth báistí: Umbrella

Scamall: Cloud

Sicín : Chick

Síol: Seed

Tiúilip: Tulip

Uan: Lamb

Ubh Chásca: Easter Egg



Déan an leathanach seo a fótachóipeáil le do chuid lipéid féin a dhéanamh don seomra naíonra!

